WESTPORT
FESTIVAL OF MUSIC & FOOD 2014

Téarmaí & Coinníollacha

Ní dhéanfar aon ticéad a aisíoc ná a mhalartú.

Tá sé de cheart ag lucht eagraithe na féile ceoltóirí a bhaint den chlár, a athsceidealadh nó a ionadú am ar bith. Tá ticéid le babhtáil i gcomhair bandaí rosta chun cead isteach a fháil ar an ionad agus chun bheith in ann dul isteach an athuair.
Ní mór bandaí rosta a chaitheamh don lá ar fad. Ní ghlacfar le bandaí rosta atá briste ná in úsáid an athuair.

D'fhéadfaí cead isteach a dhiúltú do dhaoine i gcás ticéid a bheith millte nó aghloite ar bhealach ar bith, nó sa chás nár ceannaíodh tríd an bpointe údaraithe díolacháin iad.

Tá áirithintí agus ticéid cheannaithe ar fad neamh-inaistrithe, agus níl cead agat féin iad a dhíol ná a aistriú.

Tá cead isteach ar cosaint, agus faoi réir lucht eagraithe na féile agus téarmaí cead isteach an ionaid.

Is coinníoll ar dhul isteach san ionad go ngéillfidh tú, de réir an dlí, do chuardach pearsanta nó cuardach earraí i do sheilbh agat, má thograímid é.

Ní ghlacaimid, a fhad agus is féidir faoin dlí, le haon dliteanas ar chor ar bith as gníomhartha, faillí, ná mainneachtana a dhéanann éinne atá ag soláthar seirbhísí i bpáirt le 'Féile Cheoil agus Bhia Chathair na Mart', ná as aon ghortú, damáiste, caillteanas, moill nó costais bhreise a chuirtear ort ag nó de bharr na féile seo. Sa chás go bhfuil coinníoll nó barántas tugtha le tuiscint sa reachtaíocht, nach féidir a eisiamh ná a leasú, meastar an coinníoll nó barántas sin a bheith clúdaithe faoin gcomhaontas seo. Beidh ár ndliteanas de bharr sárú coinníll nó barántais den chineál seo teoranta, dár rogha féin, do sholáthar na seirbhísí an athuair nó costas na seirbhísí a chur ar fáil an athuair. Ní bheidh Féile Cheoil agus Bhia Chathair na Mart, ná a cuid páirtithe leasmhara, faoi dhliteanas ar aon tslí as aon damáiste indíreach, iarmhartach, eiseamláireach, ná speisialta a tharlaíonn.

Aithníonn tú nach mbeidh muidne ná an t-ionad freagrach as aon chaillteanas ná damáiste don sealúchas (lena n-áirítear sealúchas pearsanta ar nós málaí, airgid nó earraí pearsanta eile) a rug tú féin nó tochraithe de do chuid chuig an bhféile ná a cheannaigh sibh ann. Beidh tú féin faoi dhliteanas as aon damáiste a dhéanann tú féin nó do chuid tochraithe ag an imeacht.

Tá sé de chead againn an fhéile a chur ar ceal nó a chur ar athló de bharr cúis ar bith.

Ní mór duit a chinntiú go n-iompraíonn tú féin agus do chuid tochraithe go maith le linn sibh a bheith i láthair ag an bhféile. D'fhéadfaimis cead isteach a dhiúltú duit féin nó do do chuid tochraithe, nó sibh a chaitheamh amach as an ionad de bharr iompar callóideach, drochbhéasach nó míchuí.

Má iarrtar ort nó ar do thochraithe imeacht ón ionad, ní bheidh aon aisíocaíocht ar fáil ar an gcuid de bhur dticéid nár úsáid sibh, ná sa chás go dtograíonn sibh gan freastal ar aon chuid den fhéile.